



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Leithscéal ag na Mná – An greann agus an inscne i scéal le Bab Feiritéar / Humor and gender in 'The Woman's Excuse' as told by Bab Feiritéar
Author(s)	Ó Laoire, Lillis
Publication Date	2016
Publication Information	Lillis Ó Laoire (2016) 'Leithscéal ag na Mná: An Greann agus an Inscne i Scéal le Bab Feiritéar /Humor and Gender in The Woman s Excuse as told by Bab Feiritéar'. American Journal of Irish Studies, 13 (1):18-54.
Link to publisher's version	http://www.irelandhouse.fas.nyu.edu/page/ajis
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6139

Downloaded 2019-11-15T12:47:30Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Leathscéal ag na Mná – An Greann agus an Inscne i Scéal le Bab Feiritéar.

Lillis Ó Laoire

Bhí an Mhaighdean Mhuire agus Ár Slánaitheoir lá ag siúl amach dóibh fhéin, agus rángaigh gur thánadar chomh fada le droichead. Agus bhí fear bocht suite ar shlait an droichid, agus chuireadar caint air agus fuairadar amach gur dall é – dúirt sé go raibh sé dall, agus go raibh a bhean imithe trasna na páirce, agus cad a bhí ach an bhean istigh sa pháirc agus fear eile in éineacht léi, agus iad fhéin go mór i ngrá le chéile.

Dúirt an Slánaitheoir ansin leis an Maighdean Mhuire:



‘Ó, tá sé sin ana-dhian ar fad,’ ar seisean, ‘agus an bhfuil a fhios agat anois, tabharfadsa radharc don ndall chun go gcfídh sé ná fuil a bhean chomh dílis dó agus a cheapann sé, mar is náireach an scéal é sin.’

‘Ó,’ arsa an Mhaighdean Mhuire, ‘má dheineann tú é sin, tabhair seans éigin di leathscéal a dh’fháil.’

Mar sin a bhí – tháinig an radharc don ndall agus do chonaic sé an bheirt istigh ag tláithínteacht le chéile insa pháirc, agus nuair a tháinig sí amach, dúirt an fear a bhí dall léi – is é sin a céile – gur náireach an rud a bhí déanta aici agus gurbh éagórach, agus é féin chomh dílis di riamh agus cheap sé go raibh sí sin dílis dó, ‘ach más mar sin atá!’ ar seisean.

‘Á, anois,’ arsa an bhean, ‘ná cíonn tú an sólás atá tagtha as an scéal, tá do radharc thar n-ais agatsa agus mara mbeadh gur dheineas é sin, bheifeá dall go deo.’

Agus riamh ó shin, tá leathscéal ag na mná, agus deirtear gur giorra dhóibh leathscéal ná a n-aprún 

Dála gach cineál teagaisc sna dána agus sna daonnachtaí san aeráid reatha, tá dúshlán i gceist le bheith ag iarraidh ceangal éigin a dhéanamh idir an Béaloideas agus saol na mac léinn. Agus mé ag lorg ábhair a chuirfínn ar mhodúl céad bhliana sa Bhéaloideas ar an chúrsa BA sa Ghaeilge, tháinig mé ar an scéal seo thuas, ‘Leathscéal ag na Mná’  sa chnuasach *Ó Bhéal an Bhab – Cnuas-scéalta Bhab Feiritéar*  Inne mé cinneadh go gcuirfínn an scéal ar an chúrsa mar gheall ar chomh gonta greannmhar is a bhí sé. Bhí caighdeán ard liteartha i gceist mar gur sheanscéal idirnáisiúnta é agus bhí sé gairid go leor, agus greannmhar go leor, bhí súil agam, le go meallfadh sé fiú an mac léinn ba mhó a raibh deacrachtaí teanga aige nó aici. As an rogha seo a tháinig mo dhúil taighde a dhéanamh ar an scéal le haghaidh na haiste seo.

Cén fáth ar gá aon cheist a chur faoin ghreann sa Ghaeilge ar chor ar bith? Nach saothar in aisce é? I ndiaidh an iomláin, nach teanga í an Ghaeilge a bhfuil clú uirthi as a hacmhainn ghrinn, agus nach bhféachtar ar fud na cruinne ar scigcharachtair de mhuintir na hÉireann mar dhaoine greannmhara tráthúla sa dá theanga.⁴ Mar sin féin, ní haon ribín réidh é ceist an ghrinn i dtaca le hábhair a bhfuil baint ar leith acu le hÉirinn agus go speisialta leis an Ghaeilge. Sa pháipéar seo, ba mhaith liom an cheist sin a chíoradh beagán, mar chúlra don phlé a dhéanfaidh mé amach san aiste ar scéal Bhab Feiritéar. Tá baint ag an ghlacadh nó an diúltú do chineálacha áirithe grinn leis na tuiscintí atá againn ar cheist na hinscne agus ar cheist an ghrinn agus ní miste cíoradh a dhéanamh orthu mar thaca leis an staidéar a dhéanfar anseo ar ‘Leathscéal ag na Mná’ mar aonad neamhspleách.

Is minic a spreag dearcadh seachtrach dhomhan an Bhéarla agus, in amanna, meon a bhí ina choinne sin, achrann agus trioblóid i leith an ghrinn sa Ghaeilge. Díróinn Maria Tymoczko a haird ar cheist an aistriúcháin maidir le téacsanna na Luath-Ghaeilge. Cíorann sí an t-ábhar go mion agus luann sí atmaisféar cultúrtha na tíre sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Nochtann sí go raibh claonadh i dtreo na ró-fonghlaineachta ann de bharr luachanna ré Victoria faoi chúrsaí dea-iompair agus morálta a bheith in uachtar. Chruthaigh an dearcadh sin deacrachtaí go leor

dóibh siúd a bhíodh ag déanamh aistriúcháin ar litríocht an ghrinn.⁵ Tagraíonn sí do chás Atkinson, Ollamh as Coláiste na Tríonóide agus ball d'Acadamh Ríoga Éireann, nuair mhaígh sé sa chúirt nach raibh i gceist le litríocht na Sean-Ghaeilge ach 'amaidí agus gáirsiúlacht.' Dar léi gur móimint shainiúil a bhí sa chás sin agus dar ndóigh, ní miste an freagra láidir a thug an dream a bhí ina choinne air a chur san áireamh chomh maith.⁶ Faightear an oscailteacht ghnéasach atá sa tSeanlitríocht sa traidisiún ag tréimhsí níos deireanaí fosta agus d'ardaigh sin a mhacasamhail chéanna de chonspóidí doréitithe, as siocair an mhíchompoird phiúratánaigh a mhothaigh daoine áirithe nuair a bhí ag plé cúrsaí gnéis. Cé go raibh daoine ann nár chuir a leithéid isteach orthu an oiread sin, bhí go leor ar ghoill an cheist go crua orthu, go háirithe más é an léiriú a dhéantaí air sa saol poiblí a bhí i gceist.

Ar cheann de na hábhair a d'fhéadfadh raic a tharraingt bhí an Béaloideas, gné den chultúr a bhí thar a bheith íogair. Rinneadh ceangal faoi leith idir an Béaloideas agus saol agus pobal na tuaithe, dream arbh iad an fíornáisiún Éireannach, Gaelach iad in intinn lucht athbheochan na Gaeilge agus na náisiúnaithe cultúrtha. Rinneadh nasc idir an Béaloideas agus íomhá na hÉireann dá réir sin, ach nuair a bhíodh ábhar greannmhar i gceist, an greann tíriúil nó earótach go háirithe, is minic a bhíodh teannas agus iomarbhá ann. Míníonn Stiofán Ó Cadhla gur múnlaíodh agus gur cuireadh i láthair an Béaloideas ar bhealaí a bhí taitneamhach, inghlactha agus gur faoi chuing raon leathan idé-eolaíochtaí éagsúla a rinneadh é sin.⁷ Seasann na hagóidí a rinneadh faoi dhráma Synge, *The Playboy of the Western World*, agus eachtraí eile mar é amach mar shiombailí den dearcadh diúltach seo, d'ainneoin nach spreagann an greann tíriúil an fhreagairt dhiúltach chéanna feasta. Ina dhiaidh sin féin, mhair iarmhairtí na gconspóidí sin ar feadh fada go leor. Mar a dúirt James M. Cahalan faoi chás faoi leith, a phléifidh mé i mo dhiaidh anseo, 'In Éirinn, tá an chosúlacht air go maireann na conspóidí seo go ceann tamaill an-fhada.'⁸

D'eascair an t-esaontas sin as foilsíú leabhair le Eric Cross, *The Tailor and Ansty*, sa bhliain 1942, agus ba chonspóid í a lean ar feadh blianta fada. Bailiúchán scéalta agus eachtraí a bhí ann a tógadh ó Thadhg Ó Buachalla, agus a bhean Anastasia, nó Ansty, cainteoirí Gaeilge as Gaeltacht Chorcaí. Thoirmisc Bord Cinsireachta an Stáit an leabhar mar gheall ar an léiriú a tugadh ann ar dhaoine gan phósadh a bheith ina gcónaí in aontíos agus dearcadh oscailte i leith cúrsaí gnéis go ginearálta. Sa réamhrá a chuir Frank O'Connor leis an dara heagrán den leabhar i 1964, luaigh sé an difríocht idir 'measúlacht' agus 'suáilce,'⁹ ag leagan béime arís eile ar an achran a d'fhéadfadh plé ar chúrsaí gnéis a tharraingt, fiú i

modh grinn. Tugadh íde an-dian ar mhuintir Bhuachalla, ba chuma cén caighdeán a bheadh i gceist – díospóireacht ceithre lá sa Seanad, dó leabhar, gan trácht ar ghníomhartha ró-antoisceacha eile i leith chuntas Cross ar a saol. Ghlac an Táilliúir féin go réidh leis ach ghoill an scéal go holc ar Ansty. Ní leagtar an oiread sin béime ar ghné na hinscne den cháineadh a fuair an tseanlánúin. Ba chosúil gur chuir na cainteanna tíriúla a leagadh ar Ansty fearg faoi leith orthu siúd a thacaigh leis an fheachtas i gcoinne an leabhair. Go deimhin, thug duine acu ‘moron’ ar Ansty.¹⁰ Dar le tráchtair amháin gurb é a bhí sa leabhar, ‘as radical a recasting of the traditional picture of Irish rural life as is Myles na gCopaleen’s *An Béal Bocht* [The Poor Mouth] also published in 1942. In many ways Cross’s book is even more subversive than that more obviously satirical novel; its critique is made more cutting by its gentleness.’¹¹

Foilíodh *Seanchas an Táilliúra*, leabhar Gaeilge de chuid seanchais an Bhuachallaigh sa Ghaeilge i 1978. Ba é an bailitheoir béaloidis Seán Ó Cróinín a bhailigh an cnuasach ar son Choimisiún Béaloideas Éireann, agus ba é Aindrias Ó Muineacháin a chuir eagar air don chló.¹² Dar le Cahalan, bhí roinnt den bhíob a lean an chéad chonspóid sa timpeall i rith an ama sin. Bhris argóint amach idir an tOllamh Bo Almqvist, Roinn Bhéaloideas Éireann, agus an tOllamh Seán Ó Coileáin i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Ba iad na tuairimí a bhí ag an bheirt faoi fhiúntas an dá shaothar faoin Táilliúir agus na lochtanna éagsúla a bhí orthu, an chnámh spairne a bhí eatarthu.¹³ Gan amhras, le linn an allagair rinneadh tagairt don chonspóid a lean leabhar Cross agus don ábhar tíriúil a bhí ann. Chuir an bheirt in iúl go soiléir nach raibh aon tacaíocht acu don dream a chuir cosc ar an leabhar. Níl baint ag sonraí na conspóide sin linn, ach sa mhéid go léiríonn an t-esaontas go raibh atmaisféar fíorleochaileach ann timpeall ar an ghreann sa Ghaeilge, go háirithe greann talmhaí, nuair a léití na cuntais sin i mBéarla.

Maidir leis an scéal ‘Leathscéal ag na Mná,’ ba iad na heagarthóirí a chinn go mbeadh an scéal seo sa chnuasach, de réir insint Bhab féin.¹⁴ Ó tharla gur lean conspóid an cosc a cuireadh ar *The Tailor and Ansty* le Cross, cosc a lean go dtí a seascaidí, is díol suime gur cuireadh a leithéid seo de scéal tíriúil isteach, fiú agus gur tháinig athrú as cuimse ar staid shóisialta agus chultúrtha na tíre ó dhaichidí na haoise go dtí an mhílaois úr. Ó tharla baint ag Almqvist leis an díospóireacht faoi leabhar Cross agus faoi *Seanchas an Táilliúra*, an leabhar Gaeilge a lean é, is féidir a bheith nach mór cinnte gur chuir an rogha a rinne sé de scéal seo an Bhab an argóint úd i gcuimhne dó. Go deimhin, is féidir a áitiú gur imir an argóint chéanna

tionchar ar an rogha. Dar ndóigh, bhí cúiseanna eile lena roghnú fosta agus is dócha ag an bpointe ama sin gur thábhachtaí go mór iad ná aon scrupall faoi chúrsaí gnéis a bheith á bplé sa scéal. Tugann *Ó Bhéal an Bhab* pictiúr réasúnta iomlán de raon iomlán na scéalta a bhí ag an Bhab, agus is cinnte gur chuir greann an scéil seo go mór leis agus rogha á déanamh cé na scéalta a rachadh sa leabhar. Fiú más iad na heagarthóirí a roghnaigh an scéal, ní dhearna siad é i ngan fhios ná ar neamhchead don scéalaí féin. Ó tharla go raibh na heagarthóirí cúramach go mbeadh tacaíocht an scéalaí acu agus iad i mbun oibre, is féidir a bheith réasúnta cinnte go raibh glacadh aici féin leis an rogha. Mar sin féin, mar a bhí ráite ag Almqvist féin roimhe sin, ‘bhí feabhas ar an aeráid chultúrtha in Éirinn,’¹⁵ ionas go bhféadfaí a leithéid de scéal a fhoilsiú gan aon chur ina choinne. Anuas air sin, ba i nGaeilge amháin a bhí an foilseachán, rud a chinntigh nach raibh sé ar fáil ach do lucht léite na Gaeilge.

Le filleadh siar beagán is féidir a fheiceáil arís go raibh cúrsaí aistriúcháin tábhachtach. Ba mhínic nár thóg téacs Gaeilge aon challán, ach dá dtiocfadh sé amach i mBéarla bhí scéal eile ann. Níor lean aon deacrachtaí téacs an dáin *Cúirt an Mheán Oíche* a bheith ar fáil i nGaeilge, cuirim i gcás, ach an dá luas agus a d’fhoilsigh Frank O’Connor a aistriúchán Béarla, bhí an iaróg tosaithe. Cuireadh cosc ar an aistriúchán sin sa bhliain 1945.¹⁶ Thuig an tOllamh Almqvist an stair seo go maith agus ní bheadh sé féin ná a chomheagarthóir ar son aon chinsireachta dá shórt, ar an ábhar gur ansmacht neamhfhiúntach a bhí ann. Go deimhin, straitéis mhaith fhreasúrach a bhí i rogha Almqvist agus Uí Chathasaigh den scéal ATU 1423 ‘The Enchanted Pear Tree,’ i gcoinne aon rian de na scrupail seo a bhí fós beo. Bhí ginealach liteartha fada uasal ag an scéal, rud a thabharfadh aon chosaint ba ghá dó. Mar sin, foilsíodh an scéilín greannmhar seo a tógadh ó Bhab Feiritéar, Dún Chaoin, Co. Chiarraí ina céad chnuasach scéalta.¹⁷ Tá an scéal chomh gearr sin agus nach mór go bhféadfaí féachaint air mar jóc. Dála go leor scéalta dá chineál mar sin féin, is scéal marthanach é a bhfuil teacht aniar ann. Faightear é faoi chló eile agus forbairt mhór déanta air in *The Canterbury Tales* le Chaucer, sa scéal ar a dtugtar ‘The Merchant’s Tale.’ Dar le duine de na tráchtairí ar an scéal sin go bhfuil an chosúlacht air go raibh foinse Éireannach i measc na n-údar ar bhain Chaucer úsáid astu ó tharla chomh gar agus atá na leaganacha Éireannacha dá scéal siúd.¹⁸ Tá an uimhir 1423 agus an teideal ‘The Enchanted Pear Tree’ leis an scéal sa chatalóg idirnáisiúnta scéalta, a ndearna Hans Jörg Uther eagrán nua de sa bhliain 2004. Faightear é fosta in *Index Exemplorum* le Tubach.¹⁹ Tá leagan is fiche sa chatalóg a rinne Ó Súilleabháin agus Christiansen de scéalta traidisiúnta na hÉireann,²⁰ gan

an sampla seo a chur san áireamh. Is é Pádraig Ó Héalaí an tráchtair is deireanaí orthu in *An Slánaitheoir ag Siúl ar an Talamb*.²¹ Tá leaganacha eile á gcur i gcló i rith an ama.²² Dhá phríomhleagan den scéal atá ann. I gceann acu baintear leas as móitíf an radhairc dhúbailte, agus sa dara leagan bíonn dall i gceist a dtugtar radharc na súl dó. Is leis an dara leagan sin a bhaineann scéal Bhab Feiritéar.²³

Is mian liom an scéal áirithe seo a phlé mar shampla den ghreann a eascraíonn as cúrsaí inscne, scéal a d'inis bean agus a d'fhoilsigh beirt bhailitheoirí béaloidis ar fir iad.²⁴ Rangaíonn siadsan an scéal faoi chatagóir na scéalta cráifeacha agus deir go bhfuil roinnt de na scéalta sin i stór fairsing an scéalaí. Baineann ceist inscne an scéalaí agus inscne na n-eagarthóirí le hábhar. Is é an ghné is tábhachtaí den iomlán inscne na gcarachtar éagsúil sa scéal agus an t-ord meafarach siombalach a leagtar ar chúrsaí inscne ann. As na sonraí sin is féidir léamh a dhéanamh ar na teachtaireachtaí a scaoileann an scéal uaidh. Déanann na heagarthóirí trí chuid de na scéalta cráifeacha atá i stór Bhab mar seo a leanas: (1) scéalta apacrafúla ón mBíobla, bunaithe ar shaol Íosa Críost agus na Maighdine Muire, (2) finscéalta faoi naoimh ainmnithe, idir áitiúil agus náisiúnta, agus (3) finscéalta a bhaineann le ceisteanna diagachta agus le fadhbanna morálta. Is sa chéad chatagóir a chuireann siad 'Leathscéal.' Cinnte, tá Íosa agus Muire i gceist go láidir sa scéal rud a thugann údarás don rangú. Mar sin féin, deir na heagarthóirí go raibh suas le sé scéal ag Bab a bhain le catagóir a trí agus déanann siad pointe tábhachtach eile, mar atá: 'Is léir go bhfuil luí ar leith aici leis an sórt seo scéil.'²⁵

Is féidir a mhaíomh go mbaineann an scéal seo oiread le catagóir a trí agus a bhaineann sé le catagóir a haon, sa mhéid agus go n-ardaítear pointí maidir le moráltacht ghnéasach, le dílseacht agus leis an chumann casta a bhíonn idir céilí pósta i sochaí phatrarcach. Baintear leas as an ghreann le deis díospóireachta a chruthú timpeall ar na ceisteanna seo. Mar sin, feictear an 'cutting edge and serious import' atá, dar le Tymoczko, i scéalta na Seanlitríochta anseo fosta.²⁶

Ní miste achoimre ghearr a thabhairt ar chúinsí na patrarcachta a bhí i réim sa timpeallacht as a n-eascaíonn an scéilín seo. I bpobal tuaithe feirmeoireachta, dála an chinn ar chaith Bab a saol ann, bhí smacht dian sóisialta i gceist.²⁷ Leag noirm phatrarcacha na moráltachta gnéasaí ualach breise ar mhná i sochaí den chineál seo. Bhí caighdeán dúbailte i réim agus b'ar na mná a chuirte an fhreagracht fanacht glan ar aird na bhfear. Dá ngéillfidís agus dá n-éireoidís torrach dá bharr, d'fhéadfadh an fear imeacht leis go minic, agus an bhean a fhágáil ag gol in áit na maoiseoige. Bhí dúil ann líne ghinealaigh an fhir a chur ar aghaidh agus an sealúchas a fhágáil

ag oidhrí fireanna, rud a thug tacaíocht láidir don chóras éagórach seo. Mar bharr air sin, féachadh ar mhná mar chréatúir nach raibh acmhainn réasúnaíochta iontu, créatúir a bhí faoi smacht ag nósín a gcuid mothúchán agus cibé giúmar a bhíodh orthu, murab ionann agus na fir. Dar leis an dearcadh seo go ndearna fir cinntí ní ba chothroime de bharr go raibh intleacht ní b'fhearr agus ní ba réasúnta acu. Bhí stiúir de dhíth ar mhná de bharr go raibh siad faoi chuing na mothúchán, ach bhí na fir ní b'aibí agus smaointeoireacht neamhspleách ar a gcumas acu.²⁸

Is iad na rialacha dochta céanna sin a ndírítear aird orthu agus a ndéantar eala mhagaidh díobh sa scéal, magadh a cheistíonn a dtábhacht bhunaidh. Baineadh leas as íomhá shiombalach na Maighdine Muire le leagan dian den dearcadh seo a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Bean chorpartha agus bean neamhsholta araon a bhí sa Mhaighdean Mhuire.²⁹ Da réir sin b'ideal í nach bhféadfadh gnáthmhná saolta a choíche a bhaint amach, dá fheabhas iad. Mar atá ráite ag Sherry Ortner: *“Feminine symbolism, far more often than masculine symbolism, manifests this propensity toward polarized ambiguity – sometimes utterly exalted, sometimes utterly debased, rarely within the normal range of human possibilities.”*³⁰ Trí ghníomhaíocht na cléire, mar a raibh lámh in uachtar ag na fir, rinneadh sárshíombail den bhean umhal ghéilliúil den Mhaighdean Mhuire, agus stádas máthar agus maighdine i gcuideachta aici mar dhlaoi mhullaigh ar an iomlán. Íomhánna coitianta Caitliceacha ab ea iad seo roimh am an Bhab agus le linn a saoil, ar dtús mar leanbh a bhfuair a máthair bás dá droim agus ina dhiaidh sin, tar éis a pósta i 1942, mar bhean óg a thóg seachtar clainne í féin.³¹

I nDún Chaoin Chorca Dhuibhne a rugadh agus a tógadh í agus b'ann a chaith sí a saol go léir. Spreagann an logainm smaointe ar chlasaicí liteartha an Bhlascaoid le Tomás Ó Criomhthain agus le Muiris Ó Súilleabháin. Dar ndóigh tagann an mórscéalaí mná, Peig Sayers (1873-1958), as Dún Chaoin ó dhúchas, chun cuimhne láithreach bonn fosta agus ní miste suntas a thabhairt dá charachtar siúd sa phlé seo. Ní raibh scríobh na Gaeilge ag Peig, agus mar sin, daoine eile a scríobh síos a cuid scéalta, a mac féin, Mícheál Ó Gaoithín, Maidhc File, ina measc. Dála ghrian úd na banúlachta, an Mhaighdean Mhuire, fuair Peig féin a sciar den cháineadh le himeacht na mblianta in Éirinn, cionn is gur cuireadh a leabhar ar chúrsa na hArdteistiméireachta. De bharr a hionaid ar churaclam oifigiúil na Gaeilge, tháinig íomhá Pheig chun cinn mar shárshíombail den bhean uiríseal, ghéilliúil, fhadfhulangach Éireannach.³² D'aithris mac léinn de mo chuid scéal le gairid a dhearbhaíonn an tuairim go paiteanta. Nuair a dúirt sí le duine eile

go raibh sí ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge san ollscoil, tháinig an t-aisfhreagra go prap: ‘Bhí an ghráin agam ar Ghaeilge. Cuireadh iachall orainn Peig a léamh. Ní raibh dada ann ach an brón agus an ainnise.’³³ Nuair a cuireadh leagan de scéal beatha Pheig ar churaclam na hArdeistiméireachta agus nuair a leagadh béim faoi leith ar an chruatan a d’fhulaing sí, fuair tuairim áirithe i leith na beatha sin údarás oifigiúil, rud a chuir toise breise leis an dearcadh dhiúltach a bhí ag mórán daoine ar fhoghlaím na Gaeilge. Mar bharr air sin, chuir sé bonn cinnte faoin naimhdeas a mhothaigh mórán eile i dtaobh na Gaeilge agus i dtaobh na hÍomhá den bhean Éireannach a raibh aitheantas oifigiúil á fháil aici. Cé go raibh aithne ar Pheig sna Blascaodaí mar bhean a bhí lán de shiamsa, a mbíodh fáilte ina teach roimh lucht scéalta, amhrán agus cineálacha eile caithimh aimsire, is é an pictiúr a mbíonn ceannas aige an íomhá ghruama, bhrónach, a ghéilleann do gach tubaiste dá dtagann uirthi, bás agus imirce a clainne ina measc. Is cinnte gur éirigh le múinteoirí cumasacha teacht timpeall ar an íomhá dhorcha seo, trí bheatha Pheig a léamh mar shampla den stair shóisialta, rud a chuir léargas níos fuarchúisí agus níos caolchúisí ar fáil. Ach is deacair an íomhá sheanbhunaithe a chur de dhroim seoil, agus maireann sí go tréitheach i gcónaí.

Mar sin, d’ainneoin cháil Pheig i measc lucht an bhéaloidis mar bhean bhríomhar chairdiúil a raibh acmhainn chuideachta agus féith an ghrinn inti, ní fheiceann an pobal i gcoitinne í mar ealaíontóir mór le rá ina ceart féin. Is éard a fheiceann siadsan scigcharachtar marbh, aontoiseach den bhantracht umhal, ghéilliúil, agus í faoi chois. Is ag ionsaí steiréitíopaí den chineál sin a bhí Brian Ó Nualláin in *An Béal Bocht*, cé gur cheap daoine gur ag aoir ar na carachtair sna dealeabhair féin a bhí an t-údar.³⁴ Mar sin, is láthair chointinne agus chonspóide í aon léiriú ar ghreann na Gaeilge, agus go háirithe an Béaloideas, de bharr na bpictiúr achrannach contrártha a tháinig chun cinn le himeacht aimsire.

In alt tábhachtach léi, ‘The Woman Who Went to Hell: Coded Values in Irish Folk Narrative,’ chuir an scoláire Meiriceánach Joanne N. Radner bealaí nua ar fáil le tuiscintí a fháil ar shaothar éachtach Pheig Sayers.³⁵ Cuireann sí dhá leagan den scéal AT425 ‘The Search for the Lost Husband’ i gcomparáid le chéile, a dtugtar ‘Micí na Muc’ air i measc scéalaithe Chorca Dhuibhne. Sa scéal seo, téann bean go hIfreann lena leannán damnaithe osnádúrtha a shlánú, fear a raibh páiste aici leis. Ba í Peig a d’inis ceann de na leaganacha seo, agus ba é a mac Maidhc a d’inis an dara ceann. In insint Pheig tugtar léiriú i bhfad níos dearfaí ar imeachtaí an bhanlaioich ná mar a dhéantar i leagan Mhaidhc. Cáineann seisean an banlaoch go

minic, sin nó bíonn sé ag magadh fúithi. Thaispeáin scrúdú Radner go bhféadfadh a leithéid de chomparáid difríochtaí caolchúiseacha a nochtadh in idé-eolaíochtaí inscne i measc scéalaithe, difríochtaí a raibh tábhacht leo. Arsa sise:

...the tale, because of its portrayal of the traditional roles of Irish women, lends itself to expressing its tellers' attitudes about women and their roles – attitudes which may conflict with and even subvert the community consensus and must therefore be coded, cloaked in the traditional community sanctioned form of the folktale.³⁶

Thug scoláirí eile faoi scrúdú a dhéanamh ar shaothar Pheig níos déanaí fosta, chun léargas níos ilghnéithí a thabhairt ar Pheig, seachas í a bheith faoi shíorleatrom ar oileán mara ag fulaingt an bhróin. Chuir Patricia Coughlan coiscriú beag faoi bhaill den chléir agus den acadamh nuair a mhaígh sí nár ghéill Peig go humhal gan cheist do chleamhnas le fear nach raibh aon aithne aici air. A mhalairt de scéal a chonaic sise. Nuair a léigh sí na cuntais ar fad a fuarthas ó Pheig ar a cleamhnas, tháinig sé chun solais go raibh aithne éigin ag Peig ar a céile roimh an chleamhnas agus gur thuig sí go raibh suim aige inti. Ní raibh cúirtéireacht fhada i gceist, is fíor, ach bhí aithne acu ar a chéile. B'fhear dathúil taitneamhach é a fear i súile Pheig, a raibh cáil air mar iascaire tréitheach, agus a raibh an chosúlacht air dá réir sin, gur soláthraí maith a bheadh ann. Bréagnaíonn an léiriú seo an pictiúr a thugtar de Pheig ina beathaisnéis Ardeistiméireachta. Sa chuntas sin, fiafraíonn an t-athair go díreach gonta de Pheig, tar éis do bhuíon anaithnid oileánach ceiliúr pósta a chur ina láthair: 'An raghaidh tú 'on oileán?' Agus freagraíonn Peig go ceansa, cneasta, 'Raghad pé áit a déarfaidh tú liom.'³⁷ Is cosúil gurbh í Peig féin a chuir chun cinn an tuiscint nach raibh aithne aici ar Pheatsaí roimh an oíche sin.³⁸ Níor thaitin an Pheig nua seo, bean a raibh toil agus intinn dá cuid féin aici agus neamhspleáchas áirithe chomh maith, níor thaitin sí rómhór le daoine áirithe agus chuir siad a gcuid tuairimí in iúl sna nuachtáin agus ar an raidió náisiúnta. Mar atá ráite ag Patricia Coughlan féin faoin aighneas:

This revisionist move itself, however, produced a certain backlash in 1998, when a controversy ensued in the Irish Times after a perhaps mischievous sub-editor headlined the report of my lecture (given at the annual Blasket commemoration) as follows: "A feminist Peig Sayers chafed at being a


chattel.” In fact I had not anachronistically attributed feminism to Peig but had only suggested, as I do here, that a feminist reading might and should be made of her work. A Co. Kerry-based priest began a public correspondence in which he sought to defend and preserve the traditional image of Peig; my reply explaining my views and expressing my admiration for her failed, over several exchanges, to allay his expressed sense of profanation. This unlikely and sometimes hilarious controversy over who owned Peig, who might think and write about her, and in what ways, generated national radio coverage, even on the current-affairs program Morning Ireland, besides widespread discussion on local radio stations.³⁹

Ba é an tuairim a bhí ag an Ollamh Coughlan, tar éis di cuntais éagsúla ó Pheig a chur san áireamh, go raibh féiniúlacht dhearfach ag Peig di féin agus dá dán mar bhean. D’ainneoin na dtragóidí agus na dtubaistí a ndeachaigh sí tríothu, bhí dearcadh láidir dóchasach ar an saol aici. Nochtann saothar Pheig dar le Coughlan, ‘cuilt bhreac bhallach de mhanáí éagsúla,’ tuairimí traidisiúnta frithbhanúla ina measc. Ar an iomlán mar sin féin, dar léi go maireann na tuiscintí sin go léir go sásta in éineacht le snáithe láidir den intleacht ghéarchúiseach, bhanúil atá in ann cur ar a son féin.⁴⁰

Seans go bhféachfar ar an achoimre seo agam ar na híomhánna éagsúla de charachtar Pheig mar sheachrán nach raibh aon ghá leis, agus mé ag díriú ar dhuine eile ar fad, cé gur as an áit chéanna don bheirt bhanscéalaithe. Mar sin féin, mar phearsa a bhfuil seasamh náisiúnta agus idirnáisiúnta aici, is faoi scáth Pheig a mhaireann go leor de na tuiscintí atá againn ar scéalaíocht na mban in Éirinn. Mar sin ní fhéadfaí an cur síos a fhágáil ar lár agus saothar Bhab Feiritéar á phlé. Bhí na heilimintí coimeádacha céanna a thug aghaidh a gcraois ar an Táilliúir agus ar Ansty gníomhach sa mhúnlú a rinneadh ar íomhá Pheig mar mháthair na ndólás nua-aimseartha de chuid Iarthar na hÉireann. Nuair a aithnítear an méid sin, cuireann sé cúlra ar fáil dár dtuiscint ar fhéiniúlacht Bhab mar scéalaí, agus cuireann sé comhthéacs ar fáil a chuidíonn linn a cuid scéalta a thuiscint níos fearr, agus go speisialta an scéal grinn ‘Leathscéal ag na Mná.’ Bhí stádas an-ard ag Bab Feiritéar féin i measc scéalaithe iarthar Chiarraí, agus dar ndóigh, bhí aithne ag an Bhab ar Pheig. Cé go raibh an mhuir idir Dún Chaoin agus an Blascaod Mór á scaradh óna chéile, ba chuimhin le Bab gur casadh í féin agus Peig ar a chéile le linn a cuairte ar an mBlascaod i 1936, nuair a bhí Bab fiche bliain d’aois. As an aithne

sin, thagraíodh sí dá breáthacht mar scéalaí.⁴¹ Rinne Seán Ó Ríordáin comparáid idir an bheirt acu fosta á áitiú gur Peig eile a bhí i mBab Feiritéar: “Peig Sayers eile is ea Cáit Bean an Fheirtéaraigh. Tá sí ina claisic cheana féin. Tá gach draíocht, gach réchúis, gach foirfeacht scéaltóireachta bronnta uirthi. Tá fios aici agus rud is measa filíocht.”⁴²


Más gonta féin é, moladh ard a thug an file don Bhab, agus léiríonn sé gur carachtar láidir diongbháilte ab ea Bab Feiritéar i measc a lucht leanúna, daoine a théadh ar cuairt go Corca Dhuibhne sa samhradh le bheith rannpháirteach i bpobal beo Gaeilge, agus lena gcuid Gaeilge féin a chleachtadh sa suíomh sin.⁴³ Ba iad seo na daoine a chuir lucht éisteachta ar fáil do Bhab nuair a bhí an comhthéacs traidisiúnta scéalaíochta ag dul i léig de bharr teacht modhanna maireachtála nua-aoiseacha. Thug cuairteoir óg eile as Stáit Aontaithe Mheiriceá cuntas eile dúinn ar neart agus ar fhuinneamh bríomhar Bhab, mar scéalaí a raibh ar a cumas a lucht éisteachta a chur ar a suaimhneas láithreach:

My strongest impression of Cáit... was that she was a very wise woman. At our initial meeting... I was struck by her strong and knowing gaze. I felt that she could see into me without saying a word. ... I was impressed by her vitality. It was if suddenly a great bolt of energy entered the room... She had the appearance of looking much younger than her age. ... I was captivated by the quality of her expression. She had a natural bent towards making you feel at ease. She often times during the course of the evening gave me a warm smile that overcame my own self-consciousness 

Is iomaí duine muinteartha eile a chuaigh roimpi idir fhir is mhná a raibh scéalta ar a dtoil acu agus tá cuntais chruinne againn orthu agus ar na scéalta a d’inis siad.⁴⁵

Thagair mé cheana don scéal ATU425, ‘The Search for the Lost Husband,’ nó ‘Micí na Muc.’ Léigh Radner teachtaireachtaí ceilte sa scéal sin, cuid acu a thacaigh le leagan amach patrarcach an tsoil agus cuid eile acu a chuir ina choinne. Is fiú a mheabhruí go n-insíodh an Bhab an scéal céanna seo, ‘Micí na Muc.’⁴⁶ Ó dheartháir a hathar, Tadhg Ó Guithín a fuair sí an scéal úd, cé go raibh sé aici fosta óna seanaintín Máire Ruiséal. Tá difríochtaí idir an leagan s’aicise agus ceann Pheig, cé go gcuirtear béim ar ghaisce agus ar bhuanseasmhacht na mná sa dá leagan. Tá meas mór ag Máire, príomhcharachtar an scéil, ar a máthair. Fágann

an bheirt an baile ag siúl na mbóithre sula ngéillfidh Máire do mhian a fir céile, Micí na Muc, an tseanbhean a chur amach. Faigheann sí obair le lánúin phósta agus léiríonn sí an-mhisneach ag plé le harrachtach uafásach de thaibhse fir a thagann roimpi i dteach siúil atá ag an lánúin. Faoi dheireadh, caitheann sí ceithre bliana déag (seacht mbliana i leagan Pheig), in Ifreann leis an taibhse chéanna a shlánú, mac damnaíthe a cuid fostaitheoirí. Faoin am seo, tá sí i ndiaidh páiste leis a thabhairt ar an saol. Castar Micí na Muc (an fear a d'fhág sí) uirthi agus í ag fágáil Ifrinn luchtaithe le hanamacha, agus slánaíonn sí eisean ó phianta na tine chomh maith. Tá sí foighneach, misniúil, fadfhulangach, diongbháilte agus cliste. Trína mac, éiríonn léi a haithne a ligean leis an fhear a shlánaigh sí agus é ar tí bean eile a phósadh lá arna mhárach. Dá bharr sin, cuireann sé deireadh leis an chleamhnas nuair a thuigeann sé go bhfuil Máire tar éis filleadh air.

Tá dhá scéal eile in *Ó Bhéal an Bhab*, 'Is trua nár chuas go Sasana' nó 'Paidir an Chailín Aimsire' agus 'Na Trí Shraoth'⁴⁷ a léiríonn go héifeachtach an tsuim a bhí ag Bab Feiritéar i scéalta faoi 'bhanlaochra neamhchiontacha faoi leatrom.'⁴⁸ D'inis sí do Ghearóidín Nic Cárthaigh go raibh an dá scéal dheireanacha sin ar na cinn ab ansa léi ar fad.⁴⁹ Sna trí scéal léiritéar na carachtair ban ag déileáil le suímh dheacra a dtéann acu an ceann is fearr a fháil orthu. Tagann dearcadh inscneach i dtaca leis an mhoráltacht chun cinn i ngach ceann de na scéalta. Bíonn claonadh i dtreo na maoinne agus na saoltachta le feiceáil sna fir, san áit a bhfaigheann na laochra ban bua ar an tsaint agus ar an leithleas lena gcineáltacht agus lena seiftiúlacht. Is gnás leitheadach é i measc scéalaithe ban gur maith leo scéalta a insint faoin ghnáthshaol laethúil, agus faoi shaol ban eile. Dar le Dégh: 'Among experienced storytellers, women favor the themes of first love, marriage ritual, intimate sexual relationships, child-rearing, family life and grievances and injustices...'

Nuair a thagraímid do na scéalta seo, faighimid comhthéacs níos leithne le tuiscint a fháil ar chruinne an scéalaí agus ar a tuiscint féin ar chumainn idirinscneacha i sochaí phatrarcach. Léiríonn na scéalta gur chás leis an Bhab na cumainn mhíchothroma seo idir fir agus mná. Mar sin de, baineann siad le hábhar in aon phlé a dhéanfaí ar 'Leathscéal ag na Mná,' mar go nochtann siad an trasnaíl a tharlaíonn idir na gnéithe tromchúiseacha agus na gnéithe éadroma dá stór scéalta. Scéal gonta greannmhar é 'Leathscéal ag na Mná,' as stór measta de chéad caoga scéal a bhí ag Bab Feiritéar. Cé go dtaitníodh na scéalta tromchúiseacha léi, deirtear chomh maith go raibh sí thar barr chun scéalta seoighe a aithris.⁵¹ Ní mian liom anseo mionchomparáid a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla a bailíodh de agus

na cinn eile a bailíodh ó dhaoine eile in áiteanna eile in Éirinn. Tá cioradh déanta cheana ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí eatarthu.⁵² Is é mo phríomhchuspóir anseo aird a tharraingt ar an dóigh a n-oibríonn an greann sa scéal seo a bhfuil ceist na hinscne chomh mór sin chun tosaigh ann, agus ar na teachtaireachtaí ceilte is féidir a léamh as insint mná ar a leithéid de scéal. Is díol suime fosta gur inis Bab an scéal do bhailitheoirí fear agus lena gcúnamh agus lena dtacaíocht siúd go bhfaca sí an insint sin ar an scéal ag dul óna béal féin trí chéimeanna éagsúla an fhoilseacháin le linn di féin a bheith ina beatha. Sa chás seo, bhí smacht áirithe ag an scéalaí ar an chlaochlú ón bhéalaireacht go dtí an litearthacht, agus chinntigh sé sin gur shásaigh an léiriú a rinneadh ar a cuid scéalta féin a cuid tuairimí féin faoin dóigh a bhféadfaí agus ar cheart a híomhá a chur in iúl ina leithéid d'aistriú sainiúil.

Tá blas cinnte na tíriúlachta le tabhairt faoi deara ar ghníomhaíocht Mhuire agus Íosa. Déanann Íosa, mar phearsa údarásach fir, trua den dall bhocht a bhfuil a bhean ag suirí sa pháirc le fear eile trasna an droichid. Cinneann sé a radharc a thabhairt ar ais don dall ionas go dtuigfidh sé an éagóir atá a bhean a dhéanamh air. Iarrann Muire air leathscéal éigin a thabhairt don bhean cé nach dtuigtear ón insint go dtoilíonn Íosa a hachainí a chur i gcrích. Nuair a thagann a radharc don dall agus nuair a fheiceann sé a bhean agus an t-iompar atá ar siúl aici lena leannán, tosaíonn sé ar íde béil a thabhairt di. Ach deir a bhean leis go bhfuil buntáiste aige de bharr a cuid mídhílseachta – murach go raibh sí mídhílis dó, ní bheadh aon radharc aige. Dúirt Bab Feiritéar go mbíodh an scéal seo ag na seanmhná ar fad agus seans nach aon taisme ceist na haoise maidir le comhthéacs na hinsinte. Bhíodh saoirse cainte ag mná níos sine a bhí imithe thar an mheanapás a bheith graosta ar bhealaí nach raibh ceadaithe do mhná óga. Dá n-inseodh bean óg a leithéid de scéal san áit a mbeadh fir agus mná i láthair, dar liom go bhféadfaí féachaint air mar dhúshlán leath-oscailte i gcoinne an cheannais phatrarcaigh, ag brath ar na cúinsí. Bhainfeadh insint i gcomhluadar ban amháin an faobhar de sin cuid mhaith, ach measaim go bhféadfadh seanmhná an scéal seo a insint i gcomhluadar measctha gan guth ná náire a fháil mar a tharlódh, seans, dá mba bhean óg a bhí á insint. Luífeadh a leithéid de scéal ríobóideach isteach go maith leis an ‘lively mutual chaffing between men and women,’⁵³ a bhíodh i gceist leis an chomhrá. Anuas air sin d’fhéadfadh sé nasc a chothú idir mhná agus an greann mar mhodh cosanta acu i saol a bhí faoi cheannas na bhfear.⁵⁴ Ní mór a rá anseo nach bhfuil oiread agus siolla d’insint Bhab ar an scéal a bhféadfaí gáirsiúlacht a chur ina leith. Ar cheann de na bealaí a léiríonn sí a feabhas mar scéalaí tá an úsáid chruinn, chúramach den teanga. Éiríonn léi an

scéal a insint go fíneáilte gan smál dá laghad in aon fhocal de – éacht ann féin, a léiríonn a íogaire a bhí a tuiscint ar a raibh i gceist.

Buaileann an scéal buille ar an bhall is frithire in éiginnteacht na bhfear maidir le seachadadh an tsealúchais. Sa chás seo, fear bocht é an dall, ní fear maoine é. Ach is i bpáirc a tharlaíonn an mhídhílseacht trasna an droichid, an taobh eile den chríoch atá idir an dall ar thaobh amháin agus a bhean agus a leannán ar an taobh eile. Chuirfeadh an daille, míchumas an fhir, laige eile in iúl, easpa cumais i gcúrsaí gnéis seans.⁵⁵ Tacaíonn an nasc idir naprún na mná agus an leathscéal leis an léamh seo. Tagairt cheilte é an naprún do bhaill ghiniúna na mná, rud a cheanglaíonn cumas cumtha na leathscéalta nó cumas eadrána go sonrath do na mná. Is é sméar mhullaigh an scéil an seanfhocal ag a dheireadh. Déantar scéal bunúis de dá bharr sin, scéal a mhíníonn an chúis atá le rud éigin, agus sa chás seo, an ghné seo de nádúr na mban. Is fasach miotasach é don bhua a mheastar a bheith ag na mná, breith choibhneasta a thabhairt agus a bheith ábalta idirghabháil agus margáil a dhéanamh. Go deimhin, bhí an t-eadránú agus an idirghuí ar an obair is mó a samhlaíodh le Muire, rud a thug treoir do mhná saolta ina leith. Déanann tagairt an naprúin nasc idir tréithe den sórt sin agus an inscne bhaineann trí thagairt dá gcuid oibre mar thíosáigh agus dá ngnéas ag an am céanna. Tagann an dara seanfhocal chun cuimhne cé nach bhfuil sé sa scéal ar chor ar bith: ‘Tá Dia láidir agus tá máthair mhaith aige.’ Baintear leas as an seanfhocal seo go minic chun tacú le himpí ar an Mhaighdean Mhuire, mar go meastar go mbíonn tionchar an-mhór aici ar a mac. Is dócha gur ó mhíorúilt bhainis Chana a thagann an smaoineamh sin, ceann den bheagán tagairtí a dhéantar don Mhaighdean Mhuire sa Tiomna Nua. Ar an iomlán, is cosúil go gcuireann an scéal seo cáineadh folaithe ar chumas ainmheasarthachta na patrarcachta in iúl, agus maítear go bhfuil ról gníomhach ag mná le maolú a dhéanamh ar aon tallann mhíllteach a leanfadh de. Cuirtear bang ar na claonta absalóideacha trí dhearcadh contrártha a chur chun tosaigh, dearcadh a mhaíonn go bhfuil na mná géarchúiseach, grinn. Tá ar a gcumas gnéithe dearfacha a fháisceadh as suíomh san áit nach bhfeicfeadh an té a bheadh faoi chuing na patrarcachta ach an locht. Ó tharla go gcuirtear an bhoige chaoine seo i leith na Maighdine, léirítear í sa scéal béaloidis seo mar eadránaí daonna in achrainn tís a d’fhéadfadh dochar mór a dhéanamh. Tacaíonn an Mhaighdean leis an bhantracht agus iad ag iarraidh seoladh tirim idir na constaicí cúnga a chuirtear ar an inscne bhaineann de bharr bhacainní na patrarcachta.

Insítear an scéal seo uaireanta agus glacann an slua sí ionad Íosa agus Mhuire

mar chúntóirí osnádúrtha.⁵⁶ Tá toise cinnte morálta san athrú ó na síoga chuig an Mhaighdean Mhuire agus a mac Íosa Críost, rud a léiríonn chomh tábhachtach agus a bhí an creideamh i saol na ndaoine. Cuireann sé sin go mór le cumhacht an scéil. Is é príomhphointe an scéil i ndiaidh an iomláin, briseadh an séú haithne, ‘Ná déan drúis.’ Cuireadh mná chun báis san am a caitheadh, agus chomh déanach leis na daichidí in Éirinn de bharr na drúise.⁵⁷ Go dtí an lá inniu féin, faoi scáth na rialtas coimeádach a mbíonn cúrsaí reiligiúin chun tosaigh iontu, is féidir pionós an bháis a ghearradh ar an té a chiontaítear i gcoir na drúise, mar a tharla, mar shampla, i gcás uafásach Amina Lawal, i réigiún na Hausa i dtuaisceart na Nigéire sa bhliain 2003. Gearradh pionós an bháis ar Lawal siocair go raibh cumann aici taobh amuigh den phósadh, cé gur saoradh í nuair a chuir cúirt ab airde a pionós ar ceal.⁵⁸ Trí Íosa agus Mhuire a tharraingt isteach sa scéal ‘Leathscéal ag na Mná’ cruthaítear comhthéacs ina gceistítear cinntí absalóideacha agus a leagann béim ar an eadránú. Braitheann neart an scéil ar pharadacs, ó tharla gur bean atá á insint i gcoinne a hinscne féin. B’fhéidir go bhfuil laige mhorálta ag cur as do na mná agus go dtagann cathú na drúise orthu, ach mar sin féin, is daonna go mór a n-iompar ná pearsana údarásacha fear agus déanann siad idirghuí ar mhaithe leo siúd a bhfuil pionós le cur orthu. Is é an bunluach anseo dearcadh carthanach ar laigí daoine eile, agus baintear leas as an ghreann le tábhacht na trócaire a thabhairt chun ár gcuimhne.⁵⁹ Tréith de chuid na Maighdine, is bunluach de chuid na banúlachta é i mórán cultúr, pointe a dhéantar go soiléir gan fiacail a chur ann leis an seanfhocal a thagann isteach ag fíordheireadh an scéil. ♦

In Memoriam:

Máire Ní Chéilleachair, 1949-2007, Cara agus Comhghleacáí

Chuir m’aithne ar Mháire Ní Chéilleachair comaoin mhór ar an aiste seo. Chuir sí ceist na mban i mbéaloideas na Gaeilge chun tosaigh agus ba í a chuir in eagar ar an chnuasach *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers, Scéalaí, 1878-1958*. Tá an aiste cháiliúil a scríobh an tOllamh Patricia Coughlan sa chnuasach sin, píosa a spreag díospóireacht bhríomhar agus a ndearnadh athmheasúnú ar shaothar Pheig dá bharr.

Endnotes

- ¹ Bo Almqvist agus Roibeard Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab: Cnuas-scéalta Bhab Feiritéar*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2002), 73/4.
- ² Leathscéal ag na Mná (ATU1423, 'The Enchanted Pear Tree'). Scéalaí: Cáit (Bab) Feiritéar.
- ³ Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002.
- ⁴ Malachy Ó Néill agus Regina Uí Chollatáin, *An Greann sa Ghaeilge*. (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2012), ix.
- ⁵ Maria Tymoczko. "Translating the Humour in Early Irish Hero Tales." In *Translation in a Post-Colonial Context: Early Irish Literature in English Translation*. (Manchain: St. Jerome Publishing, 1999), 191-221, Notes 294-305. (205).
- ⁶ Tymoczko, *Translation*, 297.
- ⁷ Stiofán Ó Cadhla, *An tSlat Féithleoige: Ealaton na Dúchais 1800-2000*. (Indreabhán, Cló Iar-Chonnacht, 2011), 145-160.
- ⁸ James M. Cahalan, "Tailor Tim Buckley: Folklore Literature and Seanchas and Táilliúra," *Éire/Ireland*, Samhradh/Summer 1979, 110-111.
- ⁹ Frank O'Connor, "Introduction," *The Tailor and Ansty*, (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1999, 1942, and O'Connor's Introduction, 1964), 8
- ¹⁰ O'Connor "Introduction," *The Tailor and Ansty*, 1964, 11.
- ¹¹ Caleb Richardson, "They are not worthy of themselves: The Tailor and Ansty Debates of 1942." *Éire/Ireland* 42: 3 and 4, Fall Winter 2007, 148-172, (154).
- ¹² Aindrias Ó Muimhneacháin, *Seanchas an Táilliúra*, (Baile Átha Cliath: Mercier, 1978)
- ¹³ Bo Almqvist, "Review: Folk and Farm. Essays in Honour of A.T. Lucas." In eagar ag Caoimhín Ó Danachair. Royal Society of Antiquaries of Ireland, *Béaloideas* 42-44, (1974-76), 344-352, feic go háirithe 346. Seán Ó Coileáin, "The Tailor and the Scholars," *The Irish Times*, 31 Márta 1979, 11. Bo Almqvist, "The Tailor and The Critics," *Béaloideas* 48/49 (1980-81), 228-235. Seán Ó Coileáin "Review: The Tailor and the Critics; A Reply to Bo Almqvist," *Béaloideas* 50, 1982, 206-214.
- ¹⁴ Gearóidín Nic Cárthaigh, *Scéalaí Duibhneach: Staidéar Eitneagrafaíoch i gcomhar le Bab Feiritéar*. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D. a cuireadh faoi bhráid Roinn na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2007, 268. In agallamh faoi roghnú an ábhair atá in Almqvist and Ó Cathasaigh 2002, dúirt an scéalaí, "Phiocadar iad, ní mise a phioc iad."
- ¹⁵ Almqvist, "Tailor" 1981, 228.
- ¹⁶ O'Connor, "Introduction" 1999 [1964], 8.
- ¹⁷ Almqvist and Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab* (2002), 73,74 and 172-173.
- ¹⁸ Karl P. Wentersdorf, "Chaucer's Merchant's Tale and its Irish Analogues," *Studies in Philology*, 63, 5 (October 1966), 604-629 [611]. Feic fosta Kark P. Wentersdorf, "The Enchanted Pear Tree Motif in Irish folklore," *Folklore* LXXVII (1966a), 21-30 agus C. A. Watkins, "Modern Irish Variants of the Enchanted Pear Tree," *Southern Folklore Quarterly* 30, (1966), 202-13.
- ¹⁹ Hans-Jörg Uther, *The Types of International Folktales: a classification and bibliography, based on the system of Antti Aarne and Stith Thompson* (Heilsincí: Finnish Academy of Sciences, 2004). Frederic Tubach, *Index Exemplorum: A Handbook of Medieval Religious Tales*, (Heilsincí: Finnish Academy of Sciences, 1968), 692.
- ²⁰ Seán Ó Súilleabháin and Reidar T. Christiansen, *The Types of the Irish Folktale*, (Heilsincí: Finnish Academy of Sciences, 1963), 254.

- ²¹ Pádraig Ó Héalaí, *An Slánaitheoir ag Siúl ar an Talamb*, (An Daingean: An Sagart, 2012) 234-235.
- ²² Jimmí Chearra, Pádraig Ó Cearra (Eag.), “Lá Deidilín DÍ Dó”, *Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharráige* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2010), 323-324.
- ²³ Watkins, “Modern Irish Variants” 1966, 202.
- ²⁴ Stiofán Ó Cadhla, ‘Dochtúirí, Sagart agus Bean,’ in *An tSlat Féithleoge: Na hEalaíona Dúchais 1800-2000*. (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011), 176-198.
- ²⁵ Almqvist and Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab*, (2002), 172.
- ²⁶ Tymoczko, *Post-Colonial Translation*, (1999), 193.
- ²⁷ Diarmuid Ó Giolláin, *An Dúchas agus an Domhan* (Cork: Cork University Press, 2005), 7.
- ²⁸ Dar ndóigh ní Éirinn amháin a bhí an leagan amach seo i gceist san am sin agus ní í bpobail tuaithe amháin a d’fhaightí an phataracht. Tá an idé-eolaíocht beo beathach i gcónaí ar fud an domhain mhóir faoi chlónna éagsúla.
- ²⁹ Kathryn Hughes, ‘both absolutely carnal...and yet entirely etherealised,’ “Rereading *Alone of All Her Sex* by Marina Warner,” *The Guardian*, Saturday, March 23, 2013. Ar fáil ag: www.theguardian.com/books/2013/mar/23/rereading-alone-of-all-her-sex. Léite: 25 Meán Fómhair 2014.
- ³⁰ Sherry B. Ortner, “Is female to male as nature is to culture?” In *Women, Culture, and Society*, ead., M. Z. Rosaldo agus L. Lamphere (Stanford, CA: Stanford University Press, 1974), 68-87.
- ³¹ “Neither Feminist nor Flapper: the ecclesiastical construction of the ideal Irish woman,” in *Chattel, Servant or Citizen: Women’s Status in Church, State and Society*. ead., Mary O’Dowd and Sabine Wichert (Béal Feirste: Institute for Irish Studies, 1993), 168-178.
- ³² Feic, mar shampla, Karin Altenberg “A Paradise Lost To Time” *The Wall Street Journal, Life and Culture*, 25 Feabhra 2012, ar fáil ar: <http://online.wsj.com/news/articles/SB10001424052970203711104577200933875118696>, Léite: 24 Meán Fómhair 2014.
- ³³ I mBéarla a rinneadh an ráiteas: ‘I hated Irish. We were forced to read Peig. Nothing but tragedy and misery.’ Karen Ní Chonghaile, cumarsáid phearsanta, 19 Feabhra 2014. Feic Irene Luchitti, “Spent in the Telling: Peig Sayers and Her Life, in *Folklore and Modern Irish Writing*,” Eag. Anne Markey & Anne O’Connor. (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2014), 129-141, áit a bpléann sí íomhá Pheig go mion.
- ³⁴ Louis de Paor, “Myles na gCopaleen agus Drochshampla na nDealeabhar,” *The Irish Review*, 23, (Winter, 1998) 24-32.
- ³⁵ Joanne N. Radner, “The Woman Who Went to Hell: Coded Values in Irish Folk Narrative,” *Midwestern Folklore: Journal of the Hoosier Folklore Society*, 15, no. 2 (1989): 109-118.
- ³⁶ Radner, “Coded Values”, (1989), 114.
- ³⁷ *Peig: A Scéal Féin*. Máire Ní Chinnéide (eag.). (Baile Átha Cliath: Talbot Press, 1936), 177-8.
- ³⁸ Bo Almqvist agus Pádraig Ó Héalaí, ead. *Labharfad le Cách / I will Speak to you All: Peig Sayers*. (Baile Átha Cliath: New Island, 2009), 163.
- ³⁹ Patricia Coughlan, *Rereading Peig Sayers: Women’s Autobiography, Social History and Narrative Art*. In Patricia Boyle Haberstroh agus Christine St. Peter (eag.) *Opening The Field: Irish Women, Texts and Contexts*. (Corcaigh: Cork University Press, 2007), 58-73, 63.
- Feic fosta Patricia Coughlan, *An Léiriú ar Shaol na mBan i dTeacsanna Dírbheathaisnéise Pheig Sayers*. In: Máire Ní Chéilleachair, (eag.) *Peig Sayers Scéalat 1873-1958 Ceiliúradh an Bhlascaoid 3*. (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999).
- ⁴⁰ ‘a fascinating patchwork of female attitudes,’ agus ‘a strong strand of feminine intelligence, wit

and capacity to stand up for oneself.' Coughlan, "Rereading Peig Sayers: Women's Autobiography, Social History and Narrative Art," 65.

- ⁴¹ Almquist agus Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab*, (2002), 14. Dúirt Bab an méid seo ar ócáid eile faoi ghuth uathúil Pheig, "Ní gheofá traochta go deo 'e bheith ag éisteacht lei." Luaithe in Nic Cárthaigh, *Scéalat Duibhneach*, (2007), 255.
- ⁴² Cáit Feiritéar (1916-2005) <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1833>. Léite 26 Meán Fómhair 2014.
- ⁴³ Almquist agus Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab* (2002), 30-32.
- ⁴⁴ Almquist agus Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab*, (2002), 42.
- ⁴⁵ Almquist agus Ó Cathasaigh, *Ó Bhéal an Bhab*, (2002), 13-27.
- ⁴⁶ Almquist agus Ó Cathasaigh *Ó Bhéal an Bhab* (2002), 80-91.
- ⁴⁷ Almquist agus Ó Cathasaigh (2002), 108-110 and 111-113.
- ⁴⁸ W.F.H. Nicolaisen, "Why Tell Stories about Innocent, Persecuted Heroines?" *Western Folklore*, 52, 1 January 1993, 61-71.
- ⁴⁹ Nic Cárthaigh, *Scéalat Duibhneach* (2007), 215.
- ⁵⁰ Linda Dégh, "Folk Narrative," in *Folklore and Folklife: An Introduction*, (Chicago: University of Chicago Press, 1971), 79.
- ⁵¹ Eilís Ní Dhuibhne-Almquist, "The Cow That Ate the Pedlar in Kerry and Wyoming," *Béaloideas* 67, (1999), 125-134 [128].
- ⁵² Feic C.A. Watkins, (1966), 202-13. K.P. (1966), 604-629, agus K.P. Wentersdorf *Folklore* LXXVII, (1966a),
- ⁵³ Coughlan, *Rereading Peig Sayers: Women's Autobiography, Social History and Narrative Art*, 66.
- ⁵⁴ Clodagh Brennan Harvey. "Some Irish Women Storytellers and Reflections on the Role of Women in the Storytelling Tradition," *Western Folklore* 48, 2, (April 1989), 109-128. Feic fosta Nic Cárthaigh, *Scéalat Duibhneach*, áit a bhfaighfear plé cuimsitheach ar chomhthéacsanna scéalaíochta na mban in Iarthar Dhuibhneach, (2007), 128-156.
- ⁵⁵ Sigmund Freud, "The Uncanny," in *The Standard Edition of the Complete Works of Sigmund Freud*, eag. agus aistr. James Strachey, iml. XVII (Londain: Hogarth, 1953), 219-252.
- ⁵⁶ Ó Héalaí, *An Slánaitheoir ag Siúl* (2012), 234-5.
- ⁵⁷ Marcus Bourke, *Murder at Marlhill: was Harry Gleeson Innocent?* Baile Átha Cliath: Geography Publications, 1993. Tugann an leabhar seo cuntas ar dhúnmarú Moll McCarthy i gCo. Thiobraid Árann i 1942 agus ar Harry Gleeson, an fear a ciontaíodh agus a crochadh as an choir. Tugadh pardún do Harry Gleeson sa bhliain 2014.
- ⁵⁸ Somini Sengupta, "Facing Death for Adultery, Nigerian Woman is Acquitted," *The New York Times*, <http://www.nytimes.com/2003/09/26/world/facing-death-for-adultery-nigerian-woman-is-acquitted.html>, 26 Meán Fómhair 2003. Léite: 26 Meán Fómhair 2014.
- ⁵⁹ Pádraig Ó Héalaí, "Moral Values in Irish Religious Tales," *Béaloideas* 42-44, 1974-6, 176-212.